Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Straitéis 2026–2029

Citizens Information Board
information · advice · advocacy

Clár Ábhar

Brollach 3

Ag Cur le Straitéis 2023–2026 5

Bonn Eolais a chur faoi Fhorbairt Straitéiseach 6

Forbhreathnú ar Straitéis 7

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh 9

Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse 10

Cúlra agus Comhthéacs Straitéise 11

Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha: Plean Straitéiseach 2026–2029 15

Cur i bhFeidhm 16

Ár nDualgas Earnála Poiblí 18

Ag tacú leis an tSochaí 19

Brollach

Táimid ag foilsiú na Straitéise 2026–2029 seo ag am casta agus síorathraitheach don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS), na heagraíochtaí atá á maoiniú againn agus a dtugaimid tacaíocht dóibh, agus an tírdhreach seirbhíse poiblí níos leithne.

Tá an chaoi a mbíonn rochtain ag daoine ar sheirbhísí agus an chaoi a dtéann siad i ngleic le faisnéis ag athrú go tapa. De réir mar a leathnaíonn bealaí digiteacha, tá an luach atá ar thacaíocht iontaofa, duine le duine ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe do dhaoine i gcásanna leochaileacha. Ag an am céanna, neartaíonn teacht chun cinn na mífhaisnéise an gá le faisnéis atá cruinn, inrochtana agus iontaofa.

Sa timpeallacht seo, bíonn ról criticiúil ag BFS agus na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse i mbonneagar daonlathach na hÉireann. Cinntíonn ár gcuid oibre go mbíonn fáil ag daoine—lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine a bhraitheann ar sheirbhísí trí theangacha difriúla, agus daoine atá ag dul i ngleic le cásanna casta nó géarchéimeanna—ar fhaisnéis shoiléir, iontaofa agus ar thacaíochtaí a éascaíonn cinntí feasacha agus rannpháirtíocht fhiúntach sa tsochaí.

Ní mór d'fhaisnéis iontaofa phoiblí forbairt go leanúnach. Trí úsáid fhreagrach a bhaint as uirlisí digiteacha agus nuálaíocht, tá deis shoiléir againn freastal ar thuilleadh, inrochtaineacht a fheabhsú, agus tuiscint a neartú, agus ag an céanna an neamhspleáchas, cuntasacht agus muinín an phobail atá ag croílár ár gcuid seirbhísí a chaomhnú.

Tógann an straitéis ar bhonn láidir a forbraíodh le trí bliana anuas. Tá fócas inti ar rialachas agus maoirseacht i gcónaí, ach le béim níos láidre ar sholáthar seirbhísí, tionchar agus luach pobail.

Tá daoine ag croílár na straitéise seo.

Tá ár sprioc soiléir i gcónaí: a bheith mar fhoinse iontaofa, údarásach agus inrochtana faisnéise, comhairle agus abhcóideachta do chách, le seirbhísí atá réidh, freagrúil agus ionchuimsitheach trí dhearadh.

Múnlaíodh an straitéis seo trí rannpháirtíocht fhairsing idir BFS, na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse agus príomhpháirtithe leasmhara. Léiríonn an dúthracht, gairmiúlacht agus tuiscint ar feadh an phróisis seo uaillmhian chomhroinnte stiúradh agus seachadadh.

Gabhaimid buíochas le gach duine a thug cúnamh, lena n-áirítear comhghleacaithe in BFS, sa Roinn Coimirce Sóisialaí, Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh, Seirbhísí Buiséadaithe agus Comhairle Airgid, Tacaíocht SBCA agus SBCA Náisiúnta don Lucht Siúil, an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta agus Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Tá daoine ag croílár na straitéise seo. Braithfidh a rath ar iarracht chomhchoiteann ár bhfoirne agus ár mBoird, mar aon le foireann, boird, foireann scéime agus oibrithe deonacha ar fud na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse,

ár gcomhpháirtithe sa Roinn Coimirce Sóisialaí, agus na daoine a bhraitheann ar ár gcuid seirbhísí gach lá. Le chéile, is féidir linn seirbhís faisnéise poiblí atá nua-aimseartha, ionchuimsitheach agus iontaofa a chur ar fáil in Éirinn.



Graham Long,
Príomhfheidhmeannach



Catherine Heaney,
Cathaoirleach

Ag Cur le Straitéis 2023–2026

Leag Straitéis 2023–2026 BFS béim thomhaiste ar neartú na mbunchloch a chumasaíonn seachadadh leanúnach, éifeachtach ar fud an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) agus líonra na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse (SDCanna). I rith na tréimhse sin, tugadh tús áite do chur chun cinn rialachais, córas agus caighdeán le hacmhainneacht eagraíochtúil agus soiléireacht róil laistigh de shamhail chasta seachadta a chinntiú.

Chuir an bhéim straitéiseach seo BFS in áit mhaith le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile d'fhorbairt eagraíochta, le socruithe maoirseachta dea-fhorbartha, cumas digiteach feabhsaithe agus bonn níos soiléire le cumarsáid a dhéanamh agus luach a chur in iúl.

Bhí ról lárnach ag Bord BFS i rith na tréimhse sin trí threoir straitéiseach agus cobhsaíocht a chur ar fáil tráth a raibh brú seachtrach agus athrú leanúnach ann.

Príomhghaiscí 2023–2026:

Atheagrú Bhord BFS chun maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis 2023–2026

- Feabhsú leanúnach maidir le hinrochtaineacht agus úsáideacht citizensinformation.ie
- Tabhairt isteach Uirlis IS BFS, AskCI
- Forbairt ar Straitéis Dhigiteach 2026–2029 BFS
- Forbairt ar an gcéad Straitéis Chumarsáide chuimsitheach de chuid BFS
- Nuashonrú suntasach ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) BFS agus na Cuideachta Soláthair Seirbhíse agus ar bhonneagar ionad glaonna
- Creataí rialachais feabhsaithe ar fud BFS agus SDCanna
- Tabhairt isteach Creata Tionchar chun tacú le tomhas leanúnach ar thorthaí ar fud BFS agus na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse.

Is léiriú iad na forbairtí sin ar chéim shuntasach chun cinn maidir le BFS a bhunú mar cheannaire an chlaochlaithe dhigitigh agus seirbhísí iontaofa poiblí cumasaithe ag IS.

Léiríonn an fhorbairt ar Straitéis Dhigiteach BFS 2026–2029 príomhiarracht i dtreo na céime seo, ina leagtar treoir ilbhlianta síos maidir le cumas digiteach a thacaíonn le BFS agus le foireann, oibrithe deonacha agus úsáideoirí seirbhíse SDC agus ina neartaítear tiomantas na heagraíochta seirbhís bunaithe ar dhaoine a chur ar fáil.

I dteannta a chéile, cuireann na gaiscí seo ardán láidir ar fáil do Straitéis 2026–2029, ag cur ar chumas na heagraíochta béim níos láidre a leagan ar fhás agus forbairt seirbhíse, cumarsáid agus cosaint na muiníne i bhfaisnéis phoiblí. Mar is gnách, beidh úsáideoirí na seirbhíse ag croílár ár gcuid oibre go ceann trí bliana, agus iad mar phointe tagartha dár ngníomhaíochtaí éagsúla.

Fís, Misean agus Luachanna

Agus Straitéis 2023–2026 á forbairt, bhreathnaigh an Bord ar thrí thimthriall straitéise ar bhonn fadtéarmach. Tá áthas orainn gur aithníodh an misean, an fhís agus na luachanna a leagadh amach sa timthriall straitéiseach roimhe seo le linn an straitéis seo a fhorbairt mar chur chuige leanúnach agus tábhachtach maidir le cinnteoireacht ar fud na heagraíochta, agus mar sin níor tháinig athrú orthu i Straitéis 2026–2029.



Bonn Eolais a chur faoi Fhorbairt Straitéiseach

Bhain an Straitéis seo leas as rannpháirtíocht chuimsitheach le príomhpháirtithe leasmhara ar fud an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS), Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse, na Roinne Coimirce Sóisialaí, agus comhpháirtithe seachtracha. Dearadh comhairliúcháin chun ionchuir ag leibhéal straitéiseach a bhailiú lena chinntiú go léiríonn an straitéis taithí eagraíochta agus ionchais sheachtracha araon.

Bhí meascán de cheardlanna, suirbhéanna, agus cruinnithe aonair leo seo a leanas mar chuid den rannpháirtíocht:

- Bord agus Coistí BFS,
- Foireann Bainistíochta Sinsearaí BFS,
- Foireann Bainistíochta agus lucht oibre BFS,
- Cathaoirligh, lucht bainistíochta agus foireann SDC,
- Comhlachtaí rialtais agus maoirseachta,
- Comhpháirtithe seachtracha.

Mar chuid den chomhairliúchán níos leithne seo, reáchtáladh cúig cheardlann ar leith agus rinneadh suirbhé foirne, ina bhfuarthas freagraí ó 186 duine den lucht oibre i 22 Chuideachta Soláthair Seirbhíse.

Baineadh leas as na ceardlanna agus suirbhéanna chun cur le comhráite struchtúrtha, a chuir ionchur leathan agus léargas téamach ar fáil maidir le tosaíochtaí, rioscaí agus deiseanna.

Léirigh an rannpháirtíocht seo béim láidir chomhroinnte maidir le muinín an phobail a chosaint, rochtain a leathnú trí shamhlacha seirbhísí cothroma, bunaithe ar dhaoine, agus rialachas, maoirseacht agus ullmhacht eagraíochta a neartú. Ba léiriú é an próiseas ar an tiomantas agus gairmiúlacht dhomhain ar fud fhoireann BFS agus na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse, le hionchuir a bhí machnamhach agus tairbheach. Chuir na léargais sin bonn eolais díreach faoi roghnú agus cur le chéile na gcuspóirí straitéiseacha don tréimhse 2026–2029.

Citizens Information Board
information · advice · advocacy

Forbhreathnú ar Straitéis



Ár bhFís

Éire ina bhfuil rochtain réidh ag gach duine ar fhoinse iontaofa neamhspleách faisnéise, comhairle agus abhcóideachta.



Ár Misean

Soláthar seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal a chumasú, bunaithe ar bhonn rialachais, córas agus caighdeán láidir.

Cuspóirí



Faisnéis iontaofa



Rochtain a leathnú agus eispéireas úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú



Ábaltacht agus ár lucht saothair



Rialachas,maoirseacht agus tacaíocht



Cumarsáid agus rannpháirtíocht

Ár Luachanna



Infhaighteacht

Tacóimid le seirbhísí a fhorbairt agus a sholáthar ionas go mbeidh faisnéis, comhairle agus abhcóideacht iontaofa ar fáil don phobal i bhformáidí a chomhlíonann a gcuid riachtanas. Agus é sin á dhéanamh,beidh treoir láidir ag BFS ó cheanglais ár nDualgais Earnála Poiblí, rud a chinnteoidh go dtabharfar tús áite dóibh siúd a bhfuil an tacaíocht is mó de dhíth orthu.

Comhoibreoimid leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse, úsáideoirí agus eagraíochtaí eile chun seirbhísí inrochtana, réidhe a dhearadh.

Inbhuanaitheacht

Déanfaimid an inbhuanaitheacht a leabú inár gcinnteoireacht agus inár mbealaí oibre uile, rud a chinnteoidh go mbeidh seirbhísí atá maoinithe ag BFS athléimneach agus oiriúnach don fheidhm san fhadtéarma. Léireofar an inbhuanaitheacht ar fud ionad oibre BFS, chomh maith leis an gcomhshaol, le maoiniú, agus, thar aon ní eile, leis an gcaoi a soláthraítear seirbhísí don phobal.

Cuntasacht

Oibreoimid córais láidre rialachais agus mhaoirseachta chun feidhmíocht a spreagadh.

Bainfimid úsáid stuama as cistí poiblí chun torthaí dearfacha a bhaint amach don phobal.

Oibreoimid leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis na SDCanna agus le heagraíochtaí eile lena chinntiú go bhfuil faisnéis, comhairle agus abhcóideacht iontaofa ar fáil don phobal ar bhealach tráthúil agus inrochtana.

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Is é BFS an ghníomhaireacht náisiúnta a thacaíonn le faisnéis, comhairle agus abhcóideacht a sholáthar ar réimse iomlán seirbhísí poiblí agus sóisialta. Cuirimid suíomh gréasáin citizensinformation.ie, suíomh gréasáin mabs.ie, foilseacháin faisnéise agus tuarascálacha beartais shóisialta ar fáil. Tacaímid chomh maith leis an tionscadal idir-eagraíochta, Abhaile.

Ár Sainordú

Tagann BFS faoi shainchúram na Roinne Coimirce Sóisialaí agus is é an tAcht um Chomhairle, 2000 (arna leasú) a rialaíonn é.

Is é sainordú BFS, mar atá sainithe san Acht leasaithe:

- A chinntiú go mbíonn rochtain ag daoine aonair ar fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus shoiléir a bhaineann le seirbhísí sóisialta
- Cabhrú agus tacú le daoine aonair, go háirithe daoine faoi mhíchumas, a riachtanais agus roghanna a shainaithint agus a thuiscint
- Inrochtaineacht, comhordú agus feasacht an phobail ar sheirbhísí sóisialta a chur chun cinn
- Tacú le soláthar faisnéise ar éifeachtúlacht beartas agus seirbhísí sóisialta reatha agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt chomh maith le béim a leagan ar ábhair imní úsáideoirí na seirbhísí sin
- Tacú le seirbhísí abhcóideachta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó na seirbhísí sin a chur ar fáil go díreach
- Tacú le comhairle a chur ar fáil maidir le fiach pearsanta agus bainistiú airgid tríd an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)

Citizensinformation.ie

Tá breis is 1,300 leathanach ar a bhfuil faisnéis ar réimse iomlán na seirbhísí poiblí agus sóisialta ar phríomhshuíomh gréasáin BFS, citizensinformation.ie.

Comhtháthaítear faisnéis ann ó fhoinsí ar fud na hearnála poiblí, agus é mar aidhm leis a bheith inrochtana don lucht spéise is leithne is féidir.

I suirbhé a rinneadh le gairid, dúradh go raibh úsáideacht (88%), caighdeán (87%), agus nádúr neamhspleách (86%) na faisnéise agus na comhairle a chuirtear ar fáil ar líne ar citizensinformation.ie d'ardchaighdeán.

Ar a bharr sin, léiríonn príomh-mhéadrachtaí áirithe luach an tsuímh gréasáin don phobal:

- In 2025, fuair 8.6 milliún úsáideoir uathúil rochtain ar citizensinformation.ie
- Ar Lá an Bhuiséid 2025, fuair breis is 150,000 duine rochtain ar an suíomh in aon lá amháin, rud a léiríonn ról BFS le linn amanna a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo

AskCI

Ag deireadh 2025, lainseáil BFS AskCI (askci.ie), bota comhrá atá cumhachtaithe ag an IS a chuidíonn le daoine teacht ar fhaisnéis faoi sheirbhísí poiblí agus faoi theidlíochtaí poiblí in Éirinn. Úsáideann sé teicneolaíocht na hintleachta saorga giniúnaí (IS) agus ábhar ó citizensinformation.ie chun freagra a thabhairt ar cheisteanna úsáideoirí.

Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse

Cuireann BFS bonneagar, maoiniú agus tacaíocht ar fáil do líonra 22 Chuideachta Soláthair Seirbhíse (SDCanna). Cuireann na SDCanna seirbhísí riachtanacha, túslíne, duine le duine ar fáil. Is cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad na SDCanna, le boird stiúrthóirí dheonacha agus le tacaíocht ó fhoireann, foireann scéime agus oibrithe deonacha.

Maoiníonn, maoirsíonn agus tacaíonn BFS le líonra Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse chun seirbhísí faisnéise, comhairle agus abhcóideachta túslíne a sholáthar don phobal. Cuimsíonn tacaíochtaí díreacha BFS leis na SDCanna réimsí amhail TFC, Ríomhfhoghlaim, comhairle acmhainní daonna, comhairle áitribh agus árachas.

Eagraítear na SDCanna den chuid is mó ina dtrí réimse éagsúla, le comhthéacsanna agus dúshláin atá difriúil ach fós gaolmhar:

- Ocht Seirbhís réigiúnacha um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFS)
- An tSeirbhís Teileafóin Faisnéis do Shaoránaigh (CIPS)
- Ocht Seirbhís réigiúnacha Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)
- SBCA Náisiúnta don Lucht Siúil (SBCA LS)
- Tacaíocht SBCA
- An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (SAN)
- Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (SATC)
- Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (RISLI)

Is áis shuntasach náisiúnta agus phobail é líonra leathan na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse (SDC), ag a bhfuil príomhláidreachtaí lena n-áirítear:

- Clúdach náisiúnta iomlán agus láithreacht láidir áitiúil, rud a ligeann do SDCanna freagairt do riachtanais phobail laistigh de chreat soiléir reachtúil agus rialachais
- Boird stiúrthóirí a bhfuil saineolas agus taithí éagsúil acu maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí agus iad a sholáthar
- Foireann agus oibrithe deonacha oilte a chuireann saineolas, comhbhá, agus eolas áitiúil ar fáil do na daoine a úsáideann an tseirbhís
- Láithreacht láidir áitiúil a thacaíonn le rochtain don phobal iomlán, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine atá eisiata go digiteach nó daoine leochaileacha
- Cúnamh praiticiúil do dhaoine le tabhairt faoi chórais chasta, le tuiscint a fháil ar a gcearta, a bhfreagrachtaí agus a dteidlíochtaí, agus le rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí
- Bealaí rochtana iolracha, lena n-áirítear tacaíochtaí duine le duine, teileafón-bhunaithe, digiteacha, agus speisialtóra, rud a chuireann rogha agus solúbthacht ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse
- Caidreamh aitheanta rialachais a thacaíonn le cuntasacht agus a éascaíonn freagrúlacht áitiúil

Beidh tacaíocht na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse, lena n-áirítear stiúrthóirí, foireann agus oibrithe deonacha, ríthábhachtach chun cuspóirí na straitéise seo a bhaint amach, agus beidh léargais na ndaoine a úsáideann a seirbhísí ríthábhachtach chuige sin freisin.

Cúlra agus Comhthéacs Straitéise

De réir mar a bhogann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) i dtreo na chéad chéime straitéisí eile, tá sé ríthábhachtach go bhfanann an eagraíocht feasach ar fhírinní a timpeallachta oibriúcháin níos leithne.

Chun bonn eolais a chur faoin straitéis 2026–2029 seo, nuashonraigh BFS scanadh cuimsitheach timpeallachta a rinneadh mar chuid den straitéis 2023–2026 chun scrúdú a dhéanamh ar na cúinsí seachtracha a mhúnlaíonn a chomhthéacs oibriúcháin.

Chuir an scanadh bunaidh agus an scanadh nuashonraithe raon cúinsí idirnasctha san áireamh, lena n-áirítear dálaí maicreacnamaíocha agus sóisialta, athrú déimeagrafacha, acmhainneacht seirbhíse poiblí agus brúnna córais, claochlú agus ionchuimsiú digiteach, agus timpeallacht athraitheach na faisnéise.

Athneartaigh an scanadh nuashonraithe treochtaí a luaigh foireann BFS agus na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse araon le linn comhairliúchán, agus dheimhnigh sé go bhfuil BFS, cosúil le heagraíochtaí eile, ag feidhmiú laistigh de thimpeallacht sheachtrach atá ag éirí níos dinimiciúla. Tá sé sin ag cur brú leanúnach ar acmhainní agus éileamh seirbhísí.

Tá luaineacht dhomhanda, brúnna ar chostas maireachtála, cur isteach a bhaineann leis an aeráid, agus cúinsí amhail rochtain ar thithíocht inacmhainne ag múnlú conas a théann daoine i ngleic le seirbhísí poiblí in Éirinn. Mar thoradh ar na dálaí sin, tá éileamh leanúnach ar fhaisnéis, comhairle agus abhcóideacht shoiléir, neamhchlaonta agus iontaofa, agus í á sholáthar trí sheirbhísí díreacha BFS agus trí líonra na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse araon.

Athneartaíonn costais mhaireachtála atá ag dul i méid agus brúnna airgeadais an tábhacht a bhaineann le litearthacht airgeadais mar thacaíocht choisctheach chomh maith. Tá ról tábhachtach ag cuideachtaí SBCA maidir le cumas daoine a neartú le cinntí airgeadais a bhainistiú, leochaileacht a laghdú agus acmhainneacht a chothú.

Faisnéis Iontaofa

Tá athrú suntasach tagtha ar thimpeallacht na faisnéise ón straitéis roimhe seo. Cé gur leathnaíodh rochtain ar fhaisnéis, tá muinín daoine i bhfoinsí faisnéise ag éirí níos leochailí. De bharr fhás na mífhaisnéise, bréagaisnéise agus cluainfhaisnéise, mar aon le teacht chun cinn tapa na hintleachta saorga (IS) mar phríomh-mhodh chun faisnéis a aimsiú, tá athrú tagtha ar an gcaoi a dtagann daoine ar chomhairle, a nglacann siad léi agus a gcuireann siad i bhfeidhm í. Bíonn ról criticiúil ag BFS agus na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse maidir le haghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus bréagaisnéis trí fhaisnéis faoi sheirbhísí poiblí atá iontaofa, neamhspleách agus inrochtana a chur ar fáil.

In 2025, thaifead citizensinformation.ie breis is 8 milliún úsáideoir uathúil agus breis is 27 milliún amharc leathanaigh, rud a athneartaíonn a ról mar phointe tagartha náisiúnta iontaofa. Tháinig méadú tobann ar líon na n-amharc chomh maith in amanna tábhachtacha don phobal, amhail fógraí a bhain leis an mBuiséad nó athruithe beartais.

Mar sin féin, de réir mar a ghineann uirlisí cumasaithe ag IS faisnéis trí chuardaigh agus achoimrí gan chliceáil, tá meath ag teacht ar rochtain dhíreach

CÚLRA AGUS COMHTHÉACS STRAITÉISE (AR LEAN)

ar shuíomhanna gréasáin agus ní táscaire clúdaigh ná tionchair níos mó í.

I gcás BFS, athneartaíonn sé sin an tábhacht straitéiseach a bhaineann lena ról mar chaomhnóir ar fhaisnéis phoiblí chruinn, neodrach agus struchtúrtha.

Is príomhdhúshlán oibríochta anois é a chinntiú go gcuireann ábhar dearbhaithe ag BFS eolas ar fáil don phobal, beag beann ar an mbealach rochtana, agus ag an am céanna go gcaomhnaítear muinín, soiléireacht agus inrochtaineacht ar feadh conairí nua faisnéise. Is gá athscrúdú a dhéanamh ar conas a thomhaistear tionchar agus clúdach BFS chomh maith, mar nach dtugann méadrachtaí traidisiúnta amhail amhairc ar shuíomh gréasáin léargas iomlán ar thionchar nó luach don phobal a thuilleadh.

De réir mar a bhíonn tionchar méadaitheach ag IS ar an gcaoi a ndéanann daoine faisnéis a rochtain agus a léirmhíniú, samhlaíonn BFS ról éiritheach mar eagraíocht ionchuir IS, rud a chuireann faisnéis phoiblí iontaofa, chruinn agus neamhchlaonta ar fáil do chórais dhigiteacha agus do chórais atá cumasaithe ag IS atá ag teacht chun cinn. Áirítear leis sin córais arna mbainistiú ag BFS agus uirlisí tríú páirtí a bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann daoine den phobal astu chun seirbhísí poiblí, cearta, freagrachtaí agus teidlíochtaí a nascleanúint.

Sa chomhthéacs sin, tá láidreachtaí seanbhunaithe BFS maidir le neodracht, neamhspleáchas agus muinín an phobail mar ghné thábhachtach de bhonneagar daonlathach na hÉireann.

Rochtain a Leathnú agus Eispéireas Úsáideoirí Seirbhíse a Fheabhsú

De réir mar a leanann daonra na hÉireann de bheith ag éagsúlú agus ag fás, agus de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheirbhísí, tá sé ríthábhachtach gur féidir rochtain a leathnú ar bhealaí éagsúla agus gur féidir leo siúd a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu rochtain a fháil uirthi ar bhealach tráthúil agus éifeachtach. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí do BFS a chinntiú go ndéanfar bealaí rochtana digiteacha, teileafón-bhunaithe agus aghaidh ar aghaidh a choinneáil ar bun agus a leathnú ar fud líonra na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse.

Trí citizensinformation. ie agus tríd an mbonneagar, an maoiniú agus an mhaoirseacht a chuireann BFS ar fáil do líonra SDC, cumasaíonn an eagraíocht soláthar seirbhíse ar scála náisiúnta agus tá dlúthbhaint aici fós le taithí ar leibhéal an phobail.

In 2025, d'oibrigh an líonra SDCanna ó na céadta suíomh ar fud na tíre, in éineacht le seirbhísí teileafóin agus digiteacha náisiúnta, ag tacú le clúdach tíreolaíoch leathan agus bealaí rochtana iomadúla don phobal.

Tá seirbhísí aghaidh ar aghaidh fós ríthábhachtach. Mar shampla, in 2025, tugadh cúnamh pearsanta do díreach faoi bhun 70% de na 384,088 duine aonair a fuair tacaíocht ó SFS, agus chonacthas 92% díobh sin i láthair go pearsanta, rud a chuir i dtábhacht an gá leanúnach atá le tacaíocht inrochtana dhuinelárnach i suíomhanna áitiúla. Tá BFS tiomanta d'fhás tacaíochtaí aghaidh ar aghaidh chun freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Léiríonn aiseolas ó úsáideoirí seirbhíse sástacht láidir go seasta nuair a bhaintear rochtain amach. Léiríonn aiseolas náisiúnta ardleibhéil mhuiníne, soiléireachta agus tacaíochta.

Léiríonn aiseolas comhairliúcháin go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh agus ar an gcastacht maidir le riachtanais na ndaoine sin a fhaigheann rochtain ar na seirbhísí aghaidh ar aghaidh. Ag an am céanna, mar thoradh

CÚLRA AGUS COMHTHÉACS STRAITÉISE (AR LEAN)

ar athruithe ar an gcaoi a soláthraítear seirbhísí poiblí, táthar ag brath níos mó ar Chuideachtaí Soláthair Seirbhíse le haghaidh tacaíocht dhíreach phearsanta. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go leanfaidh seirbhísí de bheith inrochtana, inbhuanaithe agus freagrúil d'eispéireas daoine chun freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Ábaltacht agus ár Lucht Saothair

Is baill foirne ardoilte a bhfuil saineolas acu i raon leathan réimsí a dhéanann obair BFS.

Maidir leis an straitéis seo, beidh sé níos tábhachtaí fós leanúint de bhaill foirne BFS a fhorbairt de réir mar a thosóidh eagraíochtaí ar fud an domhain ag tabhairt cuir chuige nua isteach maidir leis an gcaoi a ndéantar obair agus seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar.

Cuid lárnach den straitéis seo is ea a chinntiú go mbeidh tacair scileanna réamhbhreathnaitheacha agus éiritheacha ag ár mbaill foirne, go háirithe i gcomhthéacs ionaid oibre atá cumasaithe ag IS, in éineacht le bheith ag leanúint d'ionad oibre gairmiúil, tacúil agus ionchuimsitheach a chothú.

Rialachas, Maoirseacht agus Tacaíocht

Leis an mbéim a cuireadh i straitéis 2023–2026 ar rialachas, comhlíontacht, córais agus bonneagar, cinntíodh go dtéann BFS isteach sa tréimhse reatha le bunchlocha láidre eagraíochtúla. Freagairt d'aon ghnó a bhí san fhócas sin ar chastacht bhunúsach shamhail oibriúcháin BFS, lena dtugtar le chéile soláthar díreach seirbhísí náisiúnta agus ról reachtúil rialachais, maoiniúcháin agus maoirseachta i ndáil le líonra na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse.

Beidh sé ríthábhachtach go ndéanfar an bhunchloch sin a chothabháil agus a fhorbairt le linn an chéad timthrialla straitéisigh eile.

Cé go raibh siad lasmuigh de raon feidhme na straitéise sin, cuireadh i dtábhacht sna comhairliúcháin breithniú soiléir ar thimthriallta straitéiseacha a bheidh ann amach anseo: scrúdú a dhéanamh ar an idirghníomhú casta idir

reachtaíocht rialaithe BFS agus a chaidreamh leis na SDCanna. Is féidir leis an gcastacht sin cur le dúshláin oibríochtúla agus tairbhe a bhaint as simpliú, rud a d'éileodh athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana.

In 2025, rinne BFS forbairt creataí tionchair úsáideoirí seirbhíse a chur chun cinn a thuilleadh, ag dul níos faide ná tuairisciú ar ghníomhaíocht chun tuiscint níos fearr a fháil ar thorthaí agus ar luach poiblí ar fud na seirbhísí éagsúla. Neartaíonn an obair sin cumas na heagraíochta tionchar inbhraite a léiriú, tacú le feabhas leanúnach agus bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht straitéiseach.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Ós rud é go n-úsáidtear cainéil seirbhíse thraidisiúnta amhail suíomhanna gréasáin BFS níos mó agus níos mó in éiceachóras aisghabhála faisnéise IS, beidh sé ríthábhachtach go gcoinneoidh BFS agus na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse feasacht an phobail trí rannpháirtíocht sheachtrach, cumarsáid dhinimiciúil agus feachtais ar fud cainéil éagsúla.

Trí chumarsáid níos leithne, beifear in ann príomhtheachtaireachtaí a chraobhscaoileadh ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear, mar shampla, ar fhaisnéis mar fhreagra i gcoinne na mífhaisnéise, pleanáil agus buiséadú airgeadais, agus forbairtí i gcearta, teidlíochtaí agus freagrachtaí.

CÚLRA AGUS COMHTHÉACS STRAITÉISE (AR LEAN)

Cuireann an creat tionchair bunchloch láidir ar fáil chun ról agus luach poiblí BFS agus SDCanna a chur in iúl, agus beidh sé lárnach i gcumarsáid phleanáilte le linn an timthrialla straitéisigh.

Ár Ról a Neartú

De réir mar a éiríonn seirbhísí poiblí níos digitithe, le pointí iontrála agus ionduchtú ar líne, teastaíonn níos mó tacaíochta ó dhaoine aonair, ní hamháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, ach chun ciall a bhaint aisti, í a chur i bhfeidhm ina gcúinsí féin, agus gníomhú dá réir. Is minic nach leor an fhaisnéis inti féin, go háirithe do dhaoine a bhfuil dúshláin chasta nó thrasnaithe rompu.

Tá an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) agus na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse (SDCanna) in áit uathúil chun gníomhú mar idirghabhálaí iontaofa idir an pobal agus an córas seirbhíse poiblí i gcoitinne. Cuireann an ról seo go díreach le croíláidreachtaí BFS agus SDCanna maidir le muinín, neodracht agus neamhspleáchas, mar aon le dlúthnasc le taithí saoil trí sheirbhísí túslíne SDC agus aiseolas ar bheartas sóisialta.

Tá tacaíocht dhuinelárnach, a chuirtear ar fáil go háitiúil agus go náisiúnta, fós ríthábhachtach chun tuiscint, cinnteoireacht fheasach, agus rannpháirtíocht éifeachtach le seirbhísí poiblí a chumasú.

Tá straitéis 2026–2029 dírithe go follasach ar ról BFS a chothú agus a neartú mar sheaimpín faisnéise iontaofa agus mar chumasóir tacaíochta do phobail ar fud na hÉireann.

Téamaí

Agus an straitéis seo á forbairt, tá roinnt téamaí sealadacha sainaitheanta ag BFS a bhfuil súil againn filleadh orthu agus a chuirfidh bonn eolais faoin gcaoi a ndéanaimid imeachtaí, cumarsáid agus réimsí forbartha a struchtúrú thar shaolré na straitéise. Is iad na téamaí sin:

- **Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis:** Conas is féidir le BFS agus na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse gníomhú mar fhreagra orthu
- **Litearthacht airgeadais:** Conas is féidir le SBCA an scil ríthábhachtach saoil seo a chur chun cinn
- **Soláthar Seirbhíse Ionchuimsitheach:** Conas is féidir le BFS agus na SDCanna baill foirne a chumasú chun freagairt go héifeachtach agus go comhbhách do dhaoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu, a bhfuil soghontacht acu, nó a bhfuil bacainní orthu rochtain a fháil ar sheirbhísí



Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha: Plean Straitéiseach 2026–2029

Faisnéis Iontaofa

Seasamh BFS mar fhoinse iontaofa neamhspleách faisnéise a chur chun cinn agus a threisiú do dhaoine in Éirinn.

Oibriú go réamhghníomhach agus i gcomhar le comhpháirtithe ar fud an éiceachórais chun gníomhú i gcoinne na mífhaisnéise, na bréagaisnéise agus na cluainfhaisnéise.

Ár gcur chuige rannpháirtíochta a bheachtú agus a dhíriú chun nascadh d'aon ghnó le raon éagsúil lucht féachana.

Rochtain a Leathnú agus Eispéireas Úsáideoirí Seirbhíse

Rochtain ar sheirbhísí a leathnú agus a mhéadú trí mheascán dea-thomhaiste de chainéil, agus tacaíocht ardcháilíochta aghaidh ar aghaidh á coinneáil ina chroílár ag an am céanna.

Trí obair chomhoibríoch leis na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse, rannchuidiú le heispéireas úsáideoirí seirbhíse níos fearr ar fud tairiscintí seirbhíse éagsúla.

Ábaltacht agus ár Lucht Saothair

Tacú le foireann BFS leanúint dá gcumais a neartú, agus béim shoiléir á leagan ar scileanna digiteacha agus ar thacair scileanna éiritheacha.

Ionad oibre gairmiúil, ionchuimsitheach agus tacúil a chothú ina gcuirtear ar chumas fhoireann BFS obair ar ardchaighdeán a sholáthar.

Rialachas, Maoirseacht & Tacaíocht

Cumas agus córais láidre rialachais a neartú agus a leabú a thuilleadh laistigh de BFS.

Leanúint de ról rialachais agus maoirseachta BFS a shoiléiriú agus a fheabhsú leis na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse.

Soláthar bonneagair agus tacaíochtaí oibríochtúla éifeachtacha a chothú chun obair na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse a chumasú.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Feasacht agus tuiscint ar sheirbhísí BFS agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse a mhéadú.

Próifíl BFS le príomh-chomhpháirtithe earnála a neartú trí chomhoibriú, brandáil shoiléir agus fianaise ar thionchar.

Rannpháirtíocht dhearfach a chaomhnú leis na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse maidir le rialachas, caighdeáin agus ábhair a bhaineann le seirbhísí.



Cur i bhFeidhm

Oibreoidh BFS go dlúth leis na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse ar fud chur i bhfeidhm na straitéise seo chun a chinntiú go n-éireoidh leo, toisc go mbeidh a n-ailíniú agus a dtacaíocht ríthábhachtach.

I gcás BFS, déanfar clocha míle agus spriocanna ar fud na heagraíochta a ailíniú leis na cuspóirí straitéiseacha, rud a fhágfaidh go mbeidh radharc soiléir ag an bhfoireann uile óna gcuid oibre ar éachtaí straitéiseacha BFS.

Maoiniú, Acmhainní agus Freagrúlacht

Tá cur i gcrích na straitéise seo ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, a lorgaítear agus a leithdháiltear ar bhonn bliantúil tríd an bpróiseas caiteachais phoiblí.


Tabharfaidh BFS tosaíocht do ghníomhaíocht laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó i ngach bliain den straitéis, agus béim á leagan ar sholáthar iontaofa faisnéise a chaomhnú, tacú le soláthar túslíne trí na SDCanna agus é a mhéadú, agus luach agus inrochtaineacht an líonra a chur in iúl.

I gcás ina n-athraíonn dálaí seachtracha nó ina dtagann brúnna acmhainní chun cinn, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathbheartú tosaíochtaí chun freagairt do riachtanais éiritheacha.

I gcás suaitheadh seachtrach suntasach a bhfuil freagairt túslíne ag teastáil ina leith, mar shampla cor chun donais eacnamaíoch, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar BFS athbheartú tosaíochta a dhéanamh ar acmhainní ar fud an líonra.

Sa chás sin, táthar ag súil go gcoinneofar faisnéis iontaofa mar chuspóir, agus béim á leagan freisin ar thacú le seirbhísí agus teachtaireachtaí túslíne agus iad a fheabhsú.

Léiríonn na huaillmhianta a leagtar amach sa straitéis seo comhthéacs agus cumas oibríochta reatha BFS, agus aithníonn siad ag an am céanna go gcuirfeadh infheistíocht bhreise nó leanúnach ar chumas na heagraíochta tionchar a neartú, síneadh a chur lena raon feidhme agus a ról laistigh de sheirbhís phoiblí agus de bhonneagar daonlathach na hÉireann a neartú a thuilleadh.



Rialachas agus Monatóireacht

Tá Bord BFS freagrach as Straitéis 2026–2029 a fhorbairt agus as monatóireacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm. Formheasann an tAire Coimirce Sóisialaí straitéis BFS, de réir an Achta um Chomhairle, 2000 arna leasú.

Faigheann an Bord tacaíocht óna choistí, agus déanfaidh gach ceann acu maoirseacht ar chur i gcrích na gcuspóirí straitéiseacha, na bpleananna gníomhaíochta agus na bpleananna oibre ábhartha laistigh dá sainchúram, agus déanfaidh siad monatóireacht ar rioscaí gaolmhara. Féadfar struchtúr an choiste a oiriúnú chun dul i ngleic le cuspóirí na straitéise seo ar an mbealach is fearr.

Tacófar le maoirseacht ar chur i gcrích na straitéise trí mhonatóireacht straitéiseach rialta ag an mBainistíocht Shinsearach, agus tuairisceofar dul chun cinn, rioscaí, agus saincheisteanna éiritheacha don Bhord agus dá choistí de réir mar is cuí. Tá an cur chuige seo deartha chun tacú le dearbhú tráthúil, cinnteoireacht eolasach agus leasú cúrsa thar shaolré na straitéise.

Déanfar meastóireacht lárphointe ar an straitéis le linn thréimhse na straitéise chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun bonn eolais a chur faoi aon oiriúnuithe riachtanacha.

Ár nDualgas Earnála Poiblí

Tá BFS faoi réir an Dualgais Earnála Poiblí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Agus an dualgas seo á chomhlíonadh, ceanglaítear ar BFS aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le

hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

Forbraíodh an straitéis seo agus na hoibleagáidí sin ina croílár. Mar gheall ar ról BFS mar sholáthraí agus mar mhaoir ar fhaisnéis, comhairle agus abhcóideacht iontaofa, tá ról ríthábhachtach aige laistigh de chóras seirbhíse poiblí na hÉireann, go háirithe do dhaoine a bhféadfadh bacainní a bheith rompu maidir le rochtain a fháil ar fhaisnéis, maidir le dul i ngleic le próisis chasta riaracháin, nó maidir lena gcearta agus a dteidlíochtaí a fheidhmiú.

I rith na tréimhse 2026-2029, léireofar Dualgas na hEarnála Poiblí sa chaoi a ndéanann BFS an méid seo a leanas:

- Tús áite a thabhairt do rochtain ar fhaisnéis shoiléir, neamhchlaonta agus inrochtana dóibh siúd is mó a bhfuil sí de dhíth orthu
- Tacú le samhlacha seirbhíse ionchuimsitheacha ar fud na gcainéal digiteach, fón-bhunaithe agus aghaidh ar aghaidh
- Oibriú i gcomhar le Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí freagrúil do riachtanais éagsúla agus do chomhthéacsanna áitiúla
- Breithnithe comhionannais agus chearta an duine a leabú i rialachas, maoirseacht, forbairt beartais agus monatóireacht ar fheidhmíocht

Trí phrionsabail Dhualgas na hEarnála Poiblí a chomhtháthú i gcuspóirí straitéiseacha, pleanáil cur i bhfeidhm agus socruithe rialachais, leanfaidh BFS de bheith ag cinntiú nach gcaitear le comhionannas, ionchuimsiú agus cearta an duine mar bhreithnithe neamhspleácha, ach mar ghnéithe bunúsacha den chaoi a ndéanann an eagraíocht a cuid oibre a phleanáil, a chur i gcrích agus a mheas.

Ag Tacú leis an tSochaí

Mar aon leis an Acht um Chomhairle, tá ról níos leithne ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ag líonra na gCuideachtaí Soláthair Seirbhíse ar fud reachtaíocht, bheartas agus straitéis an AE agus an Rialtais. Cuireann ár rannpháirtíocht sna straitéisí níos leithne sin bonn eolais faoi Straitéis BFS 2026-2029 agus cuireann sí feabhas ar an Straitéis sin.

Beartas nó Straitéis an Rialtais	An tIonchur seo Againne
Sciath Eorpach don Daonlathas	Cuireann BFS faisnéis, comhairle agus abhcóideacht iontaofa ar fáil agus maoiníonn sé iad agus, dá réir sin, is cuid ríthábhachtach de bhonneagar daonlathach na hÉireann é, a dhéanann ionadaíocht ar eagraíocht — agus ar líonra Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse — atá ag feidhmiú faoi chuspóirí na Scéithe Eorpaí don Daonlathas
Clár an Rialtais 2025	Tá ról follasach ag BFS maidir le tacú le gealltanais chun cur i gcoinne na bréagaisnéise trí ghníomhú mar fhoinse iontaofa faisnéise poiblí
An Straitéis Frith-Bhréagaisnéise Náisiúnta	Ainmnítear BFS go sonrach sa straitéis mar sholáthraí faisnéise iontaofa
Leas a bhaint as Digitiú — Creat Digiteach na hÉireann	Cumasaíonn BFS rochtain ar sheirbhísí poiblí digiteacha agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an eisiamh digiteach D'fhorbair SFS an tSeirbhís Cabhrach Digití chun cabhrú le daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha rialtais agus iad a úsáid
An Straitéis Náisiúnta um Litearthacht Airgeadais	Cuimsíonn an straitéis seo raon leathan gníomhartha do SBCA agus do SBCA Náisiúnta don Lucht Siúil
An Straitéis um Litearthacht Aosach don Saol	Aithnítear SFS agus SBCA mar phríomhchainéil chun faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir leis na tacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití atá ar fáil
Straitéis Diaspóra na hÉireann 2026-2030	Déantar tagairt do thairseach Ag Filleadh ar Éirinn de chuid BFS, ar bhreathnaigh níos mó ná 700,000 duine uirthi níos mó ná 1.5 milliún uair, mar phríomhacmhainn sa straitéis
Straitéis Nuálaíochta don Uathachas 2024	Tá róil ainmnithe ag BFS, SFS agus SAN faoin straitéis seo maidir le ríomhfhoghlaim agus faisnéis atá cothrom le dáta
An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030	Tá baint dhíreach ag BFS, SATC agus RISLI faoi réimse an bheartais spotsolais, Ag Neartú phíblíne Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017	Tá gnéithe ríthábhachtacha den reachtaíocht seo á ndéanamh ag SATC agus ag RISLI araon, lena n-áirítear rochtain ar ateangaireacht a éascú agus clár ateangairí a chaomhnú

Acrainmneacha agus Sainmhínithe

Acrainm	Cur síos
AD	Acmhainní Daonna
AE	An tAontas Eorpach
BFS	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
CIPS	An tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh
DSP	An Roinn Coimirce Sóisialaí
IS	Intleacht Shaorga
PGDE	An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach
RISLI	Clár Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
SAN	An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas
SATC	Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta
SBCA	An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid
SBCA LS	An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid don Lucht Siúil
SDC / SDCanna	Cuideachta(í) Soláthair Seirbhíse. Tagraíonn sé seo do na 22 chuideachta a mhaoiníonn BFS agus a thacaíonn sé leo
SFS	Seirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Sainmhíniú	Cur síos
Mífhaisnéis	Ábhar bréagach nó míthreorach a roinntear gan rún díobhálach cé go bhféadfadh na héifeachtaí a bheith díobhálach fós, e.g. nuair a roinneann daoine faisnéis bhréagach le cairde agus le teaghlach de mheon macánta (PGDE)
Bréagaisnéis	Ábhar bréagach nó míthreorach a scaipeadh agus é de rún agat an dallamullóg a chur ar dhaoine nó tairbhe eacnamaíoch nó polaitiúil a bhaint amach agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don phobal (PGDE)
Cluainfhaisnéis	Faisnéis atá fíor go ginearálta agus atá á roinnt ag am nó ar bhealach a bhfuil sé beartaithe díobháil a dhéanamh do dhuine, do ghrúpa sóisialta, d'eagraíocht nó do thír (na Náisiúin Aontaithe)

Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland